☸An Lúibín☸

19 Iúil 2013

Southward

Tabhair súil ar an eagrán is déanaí den iris Éireannach *Southward*: gearrscéalta, dánta, ailt agus léirmheastóireacht i mBéarla agus i nGaeilge.

Ar na scríbhneoirí Gaeilge tá Pádraig Mac Fhearghusa (file agus eagarthóir *Feasta* – www.feasta.ie), Ciarán Ó Coigligh, Áine Ní Ghlinn, Bernadette Nic an tSaoir, Mícheál Ó Ruairc, Colm Ó Ceallacháin, Ailbhe Ní Ghearbhuigh (file ag cur agallaimh ar fhile eile, Liam Ó Muirthile), Máirtín Coilféir agus Pádraigín Riggs.

*** http://www.munsterlit.ie/Southword/Issues/24/contents.html**

*** Facebook: https://www.facebook.com/Southword.Journal**

*** Twitter: @MunLitCentre**

♦❖♦❖♦❖♦

Saolta Seoigheacha

Joycean Worlds

3 - 6 Deireadh Fómhair 2013

Léann Éireannach ag Ollscoil Otago san Nua-Shéalainn

Fáisctear gach scríbhneoir as comhthéacs áirithe: bhí baint ag an Seoigheach leis an iliomad comhthéacsanna – cultúir na hÉireann, na Fraince agus Trieste, na rudaí a léigh sé nó a chonaic sé. Saolta Seoigheacha.

Beidh seimineár trí lá ann agus beirt chainteoir aithnidiúla ann:

An tOllamh Vicki Mahaffey (Ollscoil Illinois), údar *Modernist Literature: Challenging Fictions* (2007), *States of Desire: Wilde, Yeats, Joyce and the Irish Experiment* (1998) agus *Reauthorizing Joyce* (1995).

An Dr Tony Thwaites (Ollscoil Queensland), údar *Reading Freud: Psychoanalysis as Cultural Theory* (2007) agus *JoyceanTemporalities: Debts, Promises and Countersignatures* (2001).

Is féidir tograí 200 focal le haghaidh páipéir tríocha nóiméad a chur chun an tOllamh Peter Kuch, Eamon Cleary Professor of Irish Studies, Ollscoil Otago, Dún Éideann, an Nua-Shéalainn, faoi 30 Iúil 2013 ag: **peter.kuch@otago.ac.nz.** Má ghlactar le do pháipéar cuirfear an clár chugat, in éineacht le comhairle i dtaobh béilte, taisteal agus iostais.

Joyce_s
Worlds-1.pdf

♦❖♦❖♦❖♦

Fuil na nInse: ***Blood of the Isles***

D'fhoilsigh an tOllamh Brian Sykes *Blood of the Isles* sa bhliain 2006. Géineolaí é Sykes a bhfuil ardmheas air, agus tá a lán leabhar scríofa aige don léitheoir coiteann, saothair a thugann léargas ar chúlra géiniteach phobal na nInse (i.e. pobal na Breataine agus na hÉireann). In *Blood of the Isles* cuireann sé síos ar línte ginealaigh mhuintir na hInse de réir mar a léirítear iad tríd an ngéineolaíocht.

Is beag athrú a tháinig ar leagan amach géiniteach na nInse ón ré Neoiliotach i leith agus ón ré Mhéisiliotach féin, go háirithe sa líne bhaineann. Is beag lorg géiniteach a d'fhág Ceiltigh na Mór-Roinne ar na hInse. Is lú géinte na n-Angla-Shacsanach ná 20% den iomlán i Sasana, fiú sa deisceart, cé gur fhág na Lochlannaigh a rian ar lár, ar thuaisceart agus ar oirthear Shasana. Is dócha go bhfuil ginealach Lochlannach ag timpeall 40% de mhuintir Inse Shealtainn agus ag 30% de mhuintir Inse Oirc, agus is léir go raibh neart ban le fáil i measc na Lochlannach úd. Is beag lorg a d'fhág na Normannaigh ina ndiaidh – níos lú na 2%. Léiríonn an mháthairlíne meascán de bhunadh Méisiliotach agus de dhaoine a tháinig níos déanaí; agus b'as an Ibéir (an Spáinn sa chiall is leithne) dóibh i dtús báire.

Áitíonn Sykes mar a leanas:

> I see no reason at all from the results why many of our maternal lineages should not go right back through the millennia to the very first Palaeolithic and Mesolithic settlers who reached our islands around 10,000 years ago.... The number of exact and close matches between the maternal clans of western and northern Iberia and the western half of the Isles is very impressive, much more so than the much poorer matches with continental Europe.[1]

I bhfocal eile, níl aon fhianaise gur tháinig 'ionradh Ceilteach' riamh ó mhór-roinn na hEorpa – ionradh a gcreideadh mórán ann.

Sócháin

I gcealla an choirp atá ár gcuid DNA le fáil agus é leagtha amach ina nduail atá ceangailte dá chéile ag 'céimeanna' - péirí bunanna ceimiceacha. Ordaíonn an DNA do na cealla próitéiní a dhéanamh; déanann na cealla seicheamh (i.e. sraith) aimínaigéadach dá réir chun na próitéiní sin (atá ina n-uirlisí ilfheidhmeannacha) a idirdhealú. Uaireanta déantar dearmad sa chóipeáil – athrú beag a dtugtar *sóchán* air. Féadann sócháin a bheith díobhálach, tairbheach nó neodrach, agus is é an saghas deireanach úd an ceann is áisiúla ó thaobh na gineolaíochta de. Baintear feidhm as minicíocht na sóchán chun aois na nginealach géiniteach a thomhas.

Tá an chuid is mó den DNA le fáil i núicléas na cille agus é ceangailte de na *crómasóim*, a bhfuil cuma snáitheanna orthu. Lasmuigh den núicléas tá rud eile: na *miteacoindrí*. Tá DNA miteacoindreach (mDNA) i bhfad níos líonmhaire ná aon DNA eile, agus déanann sé sócháin fiche uair níos minice. Tagann mDNA anuas chun fear agus ban, ach is iad na mná amháin a thugann dá gclann é, rud a fhágann gur sa líne bhaineann amháin a théann sé ó ghlúin go glúin gan bhriseadh.

[1] Sykes, lgh 279-80

mDNA

Sa mDNA sin tá seicheamh áirithe de cheithre chéad bun: rinne Sykes agus a fhoireann amach óna chuid sóchán siúd go raibh seacht bpríomhghrúpa ghinealacha i bpobal na nInse agus a sheicheamh géiniteach féin ag gach grúpa. Roghnaigh Sykes agus a fhoireann seicheamh amháin mar chaighdeán toisc gurb eisean an seicheamh is coitianta. Má tá seicheamh eile difriúil leis na gcaighdeán ag an 126ú bun, tugtar '126' ar an seicheamh sin; má tá sóchán eile sa 294ú bun, tugtar '126, 294' air. Tá an seicheamh úd (126, 294) ar cheann de na seacht bpríomhghrúpa, agus is minic sócháin eile le fail ann freisin. Tá gaol ag na daoine úd lena chéile trid an máthairlíne: tagann a nginealaigh le chéile i mbansinsear imigéiniúil amháin.

Tagann sóchán nua isteach sa mDNA gach 20,000 bliain nó thart air sin. Má áirítear an méid sóchán i líne áirithe agus an figiúr sin a roinnt ar an ráta athraithe, is féidir a dhéanamh amach cén t-achar a théaltaigh ó bhí an bansinsear beo. Is beag sóchán a tharla sa DNA núicléach ó tháinig ár spéiceas ar an bhfód timpeall 150,00 bliain ó shin.

Is féidir a dhéanamh amach cén réigiún a raibh an bunsinsear ina cónaí ann trí sheichimh na nInse a chur i gcomórtas le seichimh a fuarthas i dtíortha eile. Is féidir na príomhghrúpaí a leagan amach mar seo:

Grúpa	**Bansinsear**	**Réigiún**
H	20,000 bliain ó shin	Deisceart na Fraince
J	10,000 bliain ó shin	An tSiria
K	15,000 bliain ó shin	Tuaisceart na hIodáile
T	15,000 bliain ó shin	Tuaisceart na hIodáile
U	45,000 bliain ó shin	An Ghréig
V	17,000 bliain ó shin	Tuaisceart na Spáinne
X	25,000 bliain ó shin	Sléibhte Cugais

Tháinig cuid mhaith de shliocht na mbansinsear sin chomh fada leis an Ibéir; thug sliocht a sleachta a n-aghaidh ar chríocha eile níos faide ó thuaidh. Is dócha gur tháinig mórán máthairlínte anuas ó na háitritheoirí paléiliteacha agus méisiliteacha a tháinig i dtír timpeall 10,000 bliain ó shin.

Y-crómasóim

Sé chrómasóm is daichead atá sa núicléas agus ceithre cinn is daichead acu ina bpéirí; fágann sin dhá chrómasóm eile, X agus Y. Tagann an Y-chrómasóm anuas ó athair go mac, díreach mar a thagann mDNA anuas ó mháthair go hiníon. Is féidir leis an Y-chrómasóm sócháin a dhéanamh go tapa, rud a chuireann na céadta ginealach ar fáil san athairlíne.

Baineann formhór na Y-chrómasóm Éireannach (timpeall 80%) le grúpa O. Tá baint aige le 95% de na fir i gCúige Mumhan agus le 98% i gCúige Chonnacht, agus is mó an bhaint atá aige le sloinnte Gaelacha ná le sloinnte Normannacha. Tá dlúthbhaint aige leis an Ibéir, ach is aisteach an rud é gur shíolraigh a oiread fear ó aon sinsear amháin. Tá míniú ag Sykes air seo: 'One of the genetic consequences of the rise of powerful men is that they monopolize the women and have more children'.[2] Pobal beag, taoiseach mór: agus clann mhór ann dá bharr.

An tseandalaíocht

[2] Sykes, lch 285

Tháinig daoine Neoiliteacha – na chéad fheirmeoirí – timpeall 4500 RCh. Thug siad cruithneacht agus eorna anall leo, in éineacht le caoirigh, gabhair agus beithígh. Tá a gcuid páirceanna beaga agus claíocha cloiche le fáil fós ag Achaidh Chéide i gContae Mhaigh Eo, áit ar cheil an mhóin iad anuas go dtí tríochaidí an fichiú haois. Rinne an dream seo soithí cré agus thóg siad leachtanna móra cloiche.

Tá Cill Santail i gContae Dhoire ar cheann de na láithreáin seandálaíochta is sine in Éirinn. Bhí daoine (fiagaithe agus cnuasaitheoirí) ina gcónaí timpeall 9,000 bliain ó shin, díreach i ndiaidh na hoighearaoise bige déanaí. Óna leithéidí sin a shíolraigh na hÉireannaigh. Tá iarsmaí créamadóireachta ag Eirmeatáiste ar bhruach na Sionainne agus fuarthas tinteáin Mhéisiliotacha ag Loch na Buaraí i gContae Uíbh Fhailí. Tá uirlisí cloiche de chuid na ré sin le fáil ar fud na tíre.

Tá an scoláire Breatnach John T. Koch orthu siúd a áitíonn go bhféadfadh na teangacha Ceilteacha eascairt ón 'Limistéar Atlantach' – an Bhreatain, Éire agus iarthar na Gaille, áiteanna a raibh gréasán muirí mar cheangal eatarthu féin agus an Ibéir sa Chré-umhaois Dhéanach agus na hiarsmaí céanna seandálaíochta le fáil iontu. Tá suim ag Koch sa Tairteisis, teanga réigiún agus chathair *Tartessos* i deisceart na hIbéire. Bhíodh pobal na háite sin ag trádáil leis an Féinícigh agus tá fáil ar sheacht n-inscríbhinn is nócha dá gcuid in aibítir ar leith. Deir Koch gur féidir foirmeacha Ceilteacha (nó foirmeacha Ind-Eorpacha ar a laghad) a aithint sna hinscríbhinní an-luatha seo agus go n-aithnítear anois nach féidir fás theangacha Ceilteacha na Spáinne a mhíniú de réir chultúr Hallstat agus La Tène i lár na hEorpa. (Bhí canúintí Ceilteacha á labhairt go forleathan sa Spáinn sa ré Rómhánach.) Cuid de dhiospóireacht fhada an méid seo agus gan deireadh fós léi.

Thar lear

Ó dheireadh an 18ú haois amach bhí pobal na nInse ag plódú isteach san Astráil. Fuair siad rompu pobal eile a bhí ina gcónaí sa tír sin na mílte bliain sular bhain daoine amach na hInse ar chor ar bith, cé nár thuig na coilínigh é sin ag an am. Tharla imeascadh éigin idir an dá chine: tá cuid d'fhuil na nInse le fáil i mórán Astrálach a aithnítear mar Bhundúchasaigh, agus tá mórán Astrálach bán ann (amuigh faoin tuath go háirithe) a mbeadh sinsir Bhundúchasacha acu i ngan fhios dóibh. (Cúis eile a gcuirfeadh Gaeilgeoirí suim sna teangacha is sine ar domhan.)

Féach:

Sykes, Bryan (2006). *Blood of the Isles: Exploring the genetic roots of our tribal history*. Bantam Press.

Koch, John T.. 'A case for Tartessian as a Celtic language' in *Acta Palaeohispanica* X, *Palaeohispanica* 9 (2009), lgh 339-351. I.S.S.N.: 1578-5386.

♦❖♦❖♦❖♦

An Cumann agus an Club

Le tamall maith anuas tá Cumann Gaeilge na hAstráile ar lóistín sa Chlub Ceilteach i lár Melbourne. Tá na Club féin 126 bliain d'aois: bunaíodh é sa bhliain 1887 agus bhí baint aige riamh le conspóidí polaitiúla na hÉireann (féach an t-achrann a tharla ann de bharr thitim Parnell) agus le cúrsaí cultúir. D'aistrigh sé ó áit go háit nó go bhfuair sé áit chónaithe ag cúinne Shráid na Banríona agus Shráid Lonsdale i bhfoirgneamh mór maisiúil (seanteach tábhairne) sa bhliain 1959. Le beagán blianta anuas bhí an lucht bainistíochta ag iarraidh gnóthaí cultúir a chothú ann, agus fuair an Cumann clúid dó féin thíos staighre. Ach bhí deacrachtaí airgid ag an gClub, d'ainneoin seomra lán de mhaisíní cearrbhachais: anois tá an áit díolta le forbróir a thógfaidh túr ann. Íocadh $12

million agus beidh an Club ag lorg baile nua; caithfidh an Cumann féin seomraí nua a fháil.

Is minic a chloistear go bhfuil cúngú mór tagtha ar chuspóirí an Chumainn agus gan faic ar siúl aige ach ranganna Gaeilge. Cinnte, tá gá leis na ranganna; agus is é an deacracht atá ann nach bhfuil aon dream eile ann chun an obair sin a dhéanamh. Ba bhreá an rud dá mbeadh an teanga á múineadh ag Ollscoil Melbourne; tá Ollamh nua le ceapadh le haghaidh chúrsa an Léinn Éireannaigh agus b'fhéidir go ndéanfaí cúpla athrú dá bharr a bhainfeadh cuid den ualach den Chumann.

Mar sin féin, tá a lán rudaí eile a d'fhéadfadh an Cumann a chur ar bun:

* Ciorcail chomhrá

* Cainteanna agus seimineáir

* Siúlóidí agus turais chun áiteanna a bhfuil baint acu le stair na Gaeilge in Victoria

* Léitheoireachtaí liteartha

Liosta gearr é sin, agus is iomaí duine a d'fhéadfadh cur leis. Cén fáth nach mbeadh rud éigin ar siúl ag an gCumann mar chuid de Bloomsday, mar shampla?

Is léir go bhfuil breis airgid ag teastáil go géar ón gCumann. Ní féidir an fhadhb sin a fhuascailt gan na táillí a mhéadú, agus ba mhór an cúnamh chuige ócáidí suimiúla a bheith ar siúl mar aon leis na ranganna.

Roimh gach rud eile, áfach, caithfidh an Cumann lóistín nua a fháil. Má éiríonn leis an gClub nead nua a bhaint amach, b'fhéidir go mbeadh slí inti do lucht na Gaeilge. Ós rud é nach féidir a bheith cinnte de sin, b'fhiú don Chumann dul ar thóir seomraí dá chuid féin ar eagla na heagla. Ní furasta a leithéid a fháil i lár na cathrach agus b'fhéidir go mbeadh ar an gCumann lóistín a fháil ar an imeall.

D'fhéadfadh an Cumann gaisce a dhéanamh ach a thoil a chur leis. Tá sé de chuspóir aige an Ghaeilge a chur chun cinn trí dhaoine a spreagadh chun í a fhoghlaim agus í a úsáid; is é atá ag teastáil faoi láthair deis cheart úsáide a thabhairt do dhaoine chun go mbeidh pobal teann Gaeilgeoirí ann feasta.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au**.**

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au **.**

Leagan simplithe

Fuil na nInse: *Blood of the Isles*

Sa bhliain d'fhoilsigh an géineolaí[3] Bryan Sykes *Blood of the Isles*. Léiríonn an leabhar ginealaigh[4] mhuintir na hInse tríd an ngéineolaíocht. Is iad na h*Inse* atá i gceist, an Bhreatain agus Éire.

Is beag athrú a tháinig ar na ginealaigh sin ón ré Neoiliotach[5] i leith agus ón ré Mhéisiliotach[6] féin. D'fhág na Lochlannaigh rian géiniteach[7] ar mhuintir na hAlban, Shasana, Inse Oirc[8] agus Inse Shéaltainn.[9] D'fhág na hAngla-Shacsanaigh rian éigin géiniteach ar chuid de Shasana. Ach de shliocht dúchasach iad[10] formhór na ndaoine sna háiteanna sin go léir, agus in Éirinn freisin. Ón Spáinn a tháinig a sinsir, rud a tharla na mílte bliain ó shin. Níl aon fhianaise ann gur tháinig 'ionradh[11] Ceilteach' riamh ó mhór-roinn na hEorpa.

I gcealla an choirp atá ár gcuid DNA le fáil. Tá sé le feiceáil sna crómasóim.[12] Caithfidh na cealla cóipeanna a dhéanamh den DNA chun próitéiní a dhéanamh. Uaireanta déantar dearmad sa chóipeáil – athrú beag a dtugtar *sóchán*[13] air. Baintear feidhm as minicíocht[14] na sóchán chun aois na nginealach géiniteach a thomhas.

Tá an chuid is mó den DNA le fáil i núicléas na cille. Lasmuigh den núicléas tá na *miteacoindrí*. Tá DNA miteacoindreach (mDNA) i bhfad níos líonmhaire ná aon DNA eile, agus déanann sé sócháin fiche uair níos minice. Tagann mDNA anuas chun fear agus ban, ach is iad na mná amháin a thugann dá gclann é. Sa líne bhaineann[15] amháin a théann sé ó ghlúin go glúin gan bhriseadh.

Rinne Sykes agus a fhoireann staidéar ar mDNA agus rinne siad amach[16] go raibh seacht bpríomhghrúpa ghinealacha i bpobal na nInse. Tá a sheicheamh[17] géiniteach féin ag gach grúpa. Má áirítear an méid sóchán i líne áirithe is féidir a dhéanamh amach cén uair a bhí an bansinsear beo.

Is féidir na príomhghrúpaí a leagan amach mar seo:

Grúpa	**Bansinsear**	**Réigiún**
H	20,000 bliain ó shin	Deisceart na Fraince
J	10,000 bliain ó shin	An tSiria
K	15,000 bliain ó shin	Tuaisceart na hIodáile
T	15,000 bliain ó shin	Tuaisceart na hIodáile
U	45,000 bliain ó shin	An Ghréig
V	17,000 bliain ó shin	Tuaisceart na Spáinne

[3] Géineolaí - geneticist
[4] Ginealaigh - genealogies
[5] Neoiliteach - Neolithic
[6] Méisiliteach - Mesolithic
[7] Géiniteach - genetic
[8] Inse Oirc - Orkneys
[9] Inse Shéaltainn – Shetland Isles
[10] De shliocht dúchasach iad – (they) are of indigenous descent
[11] Ionradh - invasion
[12] Crómasóim - chromosomes
[13] Sóchán - mutation
[14] Minicíocht - frequency
[15] Líne bhaineann – female line
[16] Rinne siad amach – they determined
[17] Seicheamh - sequence

X 25,000 bliain ó shin Sléibhte Cugais[18]

Tháinig cuid mhaith de shliocht na mbansinsear sin chomh fada leis an Spáinn. Uathu sin a shíolraigh na háitritheoirí paléiliteacha agus méisiliteacha a bhain Éire amach timpeall 10,000 bliain ó shin.

Mar a dúradh thuas, tá DNA le fáil i gcrómasóim i núicléas na cille. Is ann atá an 'Y-chrómasóm' agus tagann sé anuas ó athair go mac, díreach mar a thagann mDNA anuas ó mháthair go hiníon.

Baineann formhór na Y-chrómasóm Éireannach (timpeall 80%) le 'grúpa O'. Tá baint aige le 95% de na fir i gCúige Mumhan agus le 98% i gCúige Chonnacht, agus is mó an bhaint atá aige le sloinnte[19] Gaelacha ná le sloinnte Normannacha. Tá seanbhaint aige leis an Spáinn. Is aisteach an rud é gur shíolraigh an oiread sin fear ó aon sinsear amháin. Deir Sykes: 'One of the genetic consequences of the rise of powerful men is that they monopolize the women and have more children'.

Tháinig daoine Neoiliteacha – na chéad fheirmeoirí – timpeall 4500 RCh. Thug siad cruithneacht agus eorna anall leo, in éineacht le caoirigh, gabhair agus beithígh. Rinne an dream seo soithí cré agus thóg siad leachtanna móra cloiche. Tá uirlisí cloiche de chuid na ré sin le fáil ar fud na tíre.

Deir scoláirí éigin go bhféadfadh na teangacha Ceilteacha eascairt ón 'Limistéar Atlantach' – an Bhreatain, Éire, iarthar na Fraince agus an Spáinn. Bhí cathair *Tartessos* i deisceart na Spáionne agus tá inscríbhinní ársa ann. Áitítear[20] gur i dteanga Cheilteach atá siad. (Bhí canúintí Ceilteacha á labhairt go forleathan sa Spáinn sa ré Rómhánach.)

Ó dheireadh an 18ú haois amach bhí pobal na nInse ag teacht go dtí an Astráil. Fuair siad na Bundúchasaigh ann, pobal a bhí ina gcónaí san Astráil na mílte bliain sular tháinig daoine go dtí na na hInse. Tharla imeascadh[21] éigin idir an dá chine. Tá fuil na nInse le fáil i mórán Astrálach a aithnítear mar Bhundúchasaigh, agus tá mórán Astrálach bán ann a mbeadh sinsir Bhundúchasacha acu i ngan fhios dóibh.

[18] Sléibhte Cugais – Caucasus Mountains
[19] Sloinnte - surnames
[20] Áitítear – it is argued
[21] Imeascadh - integration